

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar 3 Bealtaine, 2002

EALAÍN

CUMADÓIREACTH SHAMHLAÍOCH AGUS ÁBHAR NEAMHBHEO - ARDLEIBHÉAL

Dé hAOINE, 10 BEALTAINÉ -MAIDIN 9.30 go dtí 12.00

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

TREORACHA

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir sa spás atá ann di ar an mbileog líníochta. Scríobh teideal an pháipéir – ‘Cumadóireacht Shamhlaíoch’ nó ‘Ábhar Neamhbheo’ – ar an mbileog líníochta agat direach faoi bhun d'Uimhir Scrúdaithe. Má roghnaíonn tú Cumadóireacht Shamhlaíoch, ní mór duit an pointe tosaithe agat a lua ar chúl na bileoige líníochta. Má roghnaíonn tú ‘Ábhar Neamhbheo’ iarrtar ort nithe a bhaineann leis an sliocht tuairisciúil a thabhairt chuig an t-ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas do chumadóireacht Neamhbheo féin a leagan amach. Ní mór é seo a chur i gcrích in am roimh thús an scrúdaithe.

Tig leat úsáid a bhaint as dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, agus/nó aon ábhair eile atá de dhíth ort chun an chumadóireacht agat a chríochnú.

NÁ FREAGAIR ACH CEIST AMHÁIN

Roghnaigh pointe tosaithe as ceann amháin de na sleachta tuairisciúla seo a leanas agus

1. Tarraing nó péinteáil pictiúr a ritheann leat agus na sleachta tuairisciúla léite agat.

nó

2. Tarraing nó péinteáil foireann nithe Neamhbheo a luaitear sna sleachta tuairisciúla nó a chuireann na sleachta i do cheann.

nó

3. Déan saothar cumadóireachta teibí a chuireann na sleachta tuairisciúla i do cheann.

SLIOCHT TUAIRISCIÚIL

Crochann an t-óstán os cionn tírdhreach maisiúil crann, féir agus uisce, é chomh hard le haill, ach níos féiltiúla. Tá sé níos airde ná aon fhoirgneamh eile mórthimpeall. Cuireann an spás fairsing os a chomhair go mór leis; glacann na fuinneoga, sraith ar shraith díobh, solas na gréine agus aischaitheann siad an spéir, agus iad ag féachaint amach ar shléibhte Bhaile Átha Cliath. Tá bandaí cothrománacha uachtair stucó ar a aghaidh bhrící dearga, atá beagán níos leithne ná a airde. Tá múnláí uachtair timpeall na bhfuinneog. Gobann cuasfhuinneoga fairsinge, dhá urlár ar doimhneacht, amach ón dá thaobh den phóirse scóipiúil.

Os a chionn sin in airde go barr tá an tosach cothrom ar fad. Beár Seirseach atá ar an *cocktail bar* mar is ceart, toisc go bhfuil sé lonnaithe sa seomra bia a bhíodh ann agus a shíneann tríd an teach ar fad; agus níl athrú ar bith ar an seomra álainn seo. An té a mbeadh saineolas agus meas aige ar Bhaile Átha Cliath san ochtú haois déag, thabharfadh sé gean na súl do na mórboinn ubhchruthacha liriciúla ar na ballaí, nó don choirnis, nó do mharmair fhíneálta an tinteáin, nó don neadú clasaiceach atá déanta ar na doirse fionn-mhahagaine snasta. Thart ar a sé a chlog tráthnóna samhraidh, tagann briota gaoithe trí chuirtíní muislín na bhfuinneog oscailte; caitheann na crainn amuigh luisne óruaithne ar na ballaí atá chomh snasta le blaosc uibhe. Tar éis titim na hoíche agus na cuirtíní tarraingthe, na soilse folaithe teolaí ar na painéil ar loisceadh mórán coinnle ina n-aghaidh tráth, déanann nead sheascair bhrionglóideach den *cocktail bar* Seirseach do chomhráite fada gan dithneas de ghuth íseal.

Feidhmíonn an t-óstán mar aonad ann féin, domhan a chasann ar a ais féin. Caitear saol cuimsitheach orgánach faoina dhíon. San ionad níocháin éadaí, gluaiseann duine trí fhleasca gaile idir rollóirí ag casadh, fáisceadáin agus tobáin ag suanbhruith, isteach i mbaill thirime laistigh mar a mbíonn cumhracht le brath ón línéadach te.

Cé gur aíonna den scoth mise agus tusa, fágaimid ár rian caite inár ndiaidh, gan trácht ar dhamáiste mion nó mór. Is beag nóiméad díomhaoin, thuas staighre nó thíos, ag leictreoir an óstáin – é ina scáil ar fud na bpasáistí, carachtar ceart ach labhairt leis; bíonn an pluiméir lán chomh gnóthach agus chomh hoilte céanna. Ospidéal troscáin é seomra amháin ar an *mezzanine*, a dtagann cathaoireacha, boird, agus othair eile dá gcineál amach as le cosa treisithe, roithlíní teanntaithe, smáil glanta le snas, veinírí athnuaithe. Is é caibinéadaire an óstáin an máinlia. Go dtí le déanaí d'oibrigh an cumhdaitheoir ar an urlár folaithe céanna, ag deisiú spriongaí agus stuála, ag cóiriú loisceadh toitíní trí phróiseas dofheicthe paisteála, ag athghléasadh cumhdach, ag athcheangal imeallacha cuirtíní – nó uaireanta, ag táilliúireacht rud éigin nua as an bpíosa do chathaoireacha agus do na sófaí. Coimeádtar soláthar leis na rannóga éagsúla athchóiriúcháin, agus cuirtear i mbun oibre go grad iad – a bhuíochas sin d'fheighlíocht shainiúil an choimeádaí tí agus í ag imeacht thart, ag seiceáil, ag coimeád súile ar gach a mbíonn ar siúl i gceann ar bith de na seomraí beaga seo.

(The Shelbourne, Elizabeth Bowen) le caoinchead Vintage Classics.

.....

Thug Maeldún agus a chompánaigh mórán laethanta ag seoladh siar, agus níorbh fhada go rabhadar i bhfarraigí aineoil. Bhí a gcuid bia agus dí beagnach ídithe faoin tráth seo, agus bhí an chuma ar an scéal go mbeadh a dturas thart sula mbeadh sé tosaithe i gceart.

Ansin ar an seachtú lá déag, chonaic duine de na mairnéalaigh talamh. Chuaigh an comhlúadar i dtír le buíochas croí chun soláthairtí a lorg. Níor aimsíodar ach foirgneamh aonair, pálás lonrach bán. Chuaigh Maeldún isteach ann lena chompánaigh, agus chuar ar aghaidh go dtí seomra mór ina lár. Ansiúd, chonaiceadar iontas nár fhág aon fhocal acu. Stóras maoin ag glioscarnach ba ea an seomra. Taobh thiar de shraith cheithre cholún cloiche, bhí ualaí muincí óir, fáinní airgid, agus bróistí seodmhara ina gcairn ar an urlár. Ionntas na n-ionntas, ní raibh aon duine ann chun an mhaoin seo a chosaint. Go deimhin féin, cat bídeach bán an t-aon chréatúr beo a bhí sa phálas agus bhí sé ag baint suilt as bheith ag léim ó cholún go colún. Nuair a shiúil na fir isteach sa seomra, d'fhéach an cat trasna ina dtreo ar feadh bomaite, ach chaill sé spéis iontu gan mhoill agus lean air ag súgradh arís.

Sular éirigh leo an mhaoin seo a iniúchadh níos grinne, thug duine de chompánaigh Mhaeldúin rud éigin faoi deara. 'Féach!' ar sé, ag pointeáil ar bhun an tseomra. Ansiúd ar bhord fada tristéil, bhí féasta iontach os a gcomhair. Bhí damh agus muiceoil rósta ann, torthaí de gach cineál, agus le hais an bhoird, steall beoir agus fíon as fuarán gan staonadh. Níor ghá tada a rá leis na mairnéalaigh a bhí marbh le hocras. Gan fainic, ritheadar go dtí an bord agus chaitheadar an bia siar go hamplach. Ansin, nuair a bhí a mbolg lán, thiteadar ina gcodladh go sámh, domhain.

An lá dar gcionn dúirt Maeldún lena chompánaigh aon bhia a bhí fágtha a bhailiú, chun é a thabhairt ar ais go dtí a n-árthach.

'Céard faoin maoin seo?' a d'fhiafraigh duine de na fir. 'Ar cheart dúinn é a bhreith linn freisin?'

'Ná bain leis,' a d'fhreagair Maeldún. 'Bhí féasta maith againn. Bímis buíoch de sin. Ar chaoi ar bith, cuireann sé amhras orm féin go bhfágfaí seoda chomh luachmhar leo gan garda. Ní bheadh fhios agat cén mallacht atá á leanacht'.

Chloígh na mairnéalaigh go léir leis na horduithe seo ach aon duine amháin. Níor thug an té ab óige den chriú aird ar bith ar ghaois Mhaeldúin, agus nuair a bhíodar ag fágáil an phálais, chuir sé muince mhór óir isteach ina chasóg. Níor thug duine ar bith faoi deara é, ach amháin an cat beag bán a lean é amach as an bhfoirgneamh. Lean sé é taobh thiar ar feadh roinnt nóimeád, agus ansin léim sé go tobann in airde ar an ngadaí agus a chorp ar lasadh ar nós saighde trí thine. Ghaibh sé caol díreach trí chorp an mhairnéalaigh ar an toirt, agus d'fhág ina charn luaithe é. Tháinig a dhath féin arís ann ansin, chas sé timpeall agus d'imigh de thruslóga ar ais isteach sa phálas.

Bhí alltacht ar na taistealaithe agus theastaigh ó chuid acu an cat a ionsaí, ach choinnigh Maeldún guaim orthu. In áit é a ionsaí, d'ardaigh sé an mhuince agus chuir sé ar ais ina háit chuí í sa seomra maoin. Chuir sé seo cuma na sástachta ar an gcat agus thosaigh sé ag lí a lapa. Ansin d'ordaigh Maeldún go mbaileofaí luaitheach a gcomráda agus go scaipfí sa bhfarraige é. D'imíodar leo ina dhiaidh sin, agus iad ag caoineadh go ciúin bás a gcomráda.

(The Book of Irish Legends, *Iain Zaczek*). le caoinchead Cico Books

Ceann de phríomh-chaithisí Peshawar é basár stairiúil Khyber. Bhí tráth ann arbh fhéidir éisteacht le scéalaithe gairmiúla i mbun scéalaíochta, iad suite agus an dá chois trasna ar a chéile acu taobh amuigh dá siopaí. Inniu is féidir sólaistí a ghlacadh i gceann den mhórán siopaí tae atá ar aghaidh an bhasáir amach, lena sáspain mhóra práis agus taephotaí iomadúla ar crochadh acu. Tá gach saghas obair láimhcheirde le ceannach ó thrádálaithe – soithí greanta bocóideacha, seoda agus cairpéid Pheirseacha. Bíonn gréasaithe suite ar na cosáin ag déanamh agus ag deisiú bróg.

Tá stallaí bia ar fud an bhaill, iad ag díol aráin agus *samosas*. Bíonn *rickshaws* agus capaill agus cairteacha a dtugtar *Tangas* orthu ag imeacht i measc carranna agus na sluaite daoine sa rí-rá agus ruaille buaille ar na sráideanna cúnga múchta i gceantar seo an bhasáir.

Tá an chuma ar fhoirgnimh arda go bhfuil siad ag claonadh go díoscánach i leataobh.

Le caoinhead an Irish Times

‘Éistigí,’ a d’fhógair ár máthair. ‘Bígí ciúin. Ná bogaigí...’ Bhí a haghaidh ar bís le scanradh. Chroch na cailíní a gceann agus d’fhanadar, creathán iontu. Dhruid na slabhraí níos cóngaraí i leith agus torann uathu. Suas an lána, timpeall an chúinne, ar aghaidh ar mhullach an bhainc – ansin, agus na cosa ag drumáil, bhí sé anseo...Chuaigh na cailíní le báiní, léimeadar in airde agus gach liú aisteach astu, thuislíodar trasna na cistine ina raibh solas ón tine, agus stróiceadar na cuirtíní dorcha siar.

Ghabh an ailp thar bráid go huaibhreach san oíche, adharca ríoga mar choróin ar a cheann, a shúile bainniúla scoiltithe ag stríocaí solais ón ngealach, a chruth ollmhór stothallach le clúmh. Thóg sé truslóga righne craptha sa ghluaiseacht dó, chroith sé a fhéasóg airgeadaithe, agus tharraing sé na slabhraí troma a bhí briste aige ina dhiaidh as neart achrannach a cheathrúna.

‘Gabhar Jones! – arsa Dorothy seo againne de chogar; dhá fhocal ar gheall le hadhradh iad. Níorbh aon ainmhí strae amháin é seo ach ailp as taibhreamh ársa, siúlóir bhóithre an tsráidbhaile faoi sholas na gealaí, é ina leathchime agus ina leathrí ag láth. Bhí sé ollmhór agus clúmhach ar nós capaill Shealtainne agus bhí eagla ar gach aon fhear roimhe. Ach nuair a bhí oícheanta geal le gealach nó le tsamhradh ann ní fhéadfadh spíce ná slabhra é a choimeád. Ansin lig sé glam as, chroch sé a chosa deiridh san aer, strac sé a shlabhraí as an talamh, agus shil a dhrúis reithíochta leis tríd an tsráidbhaile.

Bhí cloiste agam ina thaobh go minic; bhí sé feicthe anois agam ar deireadh, é ag imeacht de thruslóga stractha síos an tsráid. É chomh hársa le dia, a shlabhraí ar chuma róba, sceith boladh goirt salainn uaidh, agus bholathaigh sé an t-aer gach cúpla coiscéim faoi mar a bheadh cara nó íobartach á lorg aige. Ach shiúil sé ina aonar; níor bhuail sé le héinne, ghabh sé trí shráidbhaile folamh. Bhí deirfiúracha agus mná céile ag gliúcaíocht air as seomraí leapa dorcha, d’fhan fir sa scáth le tuanna. Idir an dá linn, agus bréantas na cumhachta uaidh, é bán faoin ngealach, d’imigh sé leis agus uamhan ar dhaoine roimhe....

Cóiriú ar Cider with Rosie, le Laurie Lee, le caoinhead Penguin Books.